



## Cé hé Dia le Fírinne?

*‘Ár nAthair, atá ar neamh...’*

An bhfuil Dia ann? Cén sórt Dia ar mhaith leat a bheith ann?

Nuair atá an saol go réidh ní minic a bhíonn gá againn le Dia, é sin nó ba bhreá linn dia, mar an ghinid draíochta, a bhronnfadh ár mianta orainn. Ach i ndáiríre ní rachadh a leithéid sin de dhia chun tairbhe dúinn; ní bheadh ann ach dia beag faoinár stiúir féin. Nuair a théann cúrsaí chun an donais bíonn dóchas ag teastáil—bíonn gá le Dia atá níos mó ná na deacrachtaí a thagann ár dtreo, Dia gur féidir linn aithne a chur air.

B’fhéidir go bhfuil an dearcadh atá agat ar Dhia curtha as riocht ag ardeaglaisí ag éirí go hard na spéire—Dia maorga, ach i bhfad uait; nó ag seanmóirí teasáí—Dia feargach, ullamh i gcónaí pionós a ghearradh; nó ag fimíneacht an dreama a mhaíonn creideamh i nDia—rud nach annamh, faraoir.

Ach murab é sin an fíor-Dhia . . . Seo cúpla buntréith a scríobh Pádraig fúthu óna thaithí féin:

· **Maith:** “Scéal fada é . . . agus mé ag labhairt faoi conas mar ar shaor an Dia atá maith mé ón sclábhaíocht.” An Dia atá maith?

Nach é sin an t-amhras is mó atá orainn?—taobh thiar de thubaistí an tsaol nach féidir linn ciall a bhaint astu, má tá Dia ann an bhfuil seans nach mbeadh sé maith? Chabhródh sé linn éisteacht le duine a cuireadh dá bhuille go tromchúiseach é ar bhealach a d’athraigh a shaol sa chaoi gur tháinig sé ar an bhfírinne dhaingean seo—go bhfuil Dia maith.

· **Cumhachtach:** Má tá Dia maith b’fhéidir nach bhfuil sé cumhachtach? Éist arís le Pádraig, “Bhíos mar chloch i mo luí go domhain sa láib. Sin an uair gur tháinig an té atá cumhachtach i mo threo agus gur ardaigh sé mé aníos . . . gur chas mo shaol ar mhalairt treo do mo thairbhe.” B’fhéidir go gceapann tú faoid’ shaol nach bhfuil fónamh ná téarnamh i ndán duit? Tá Dia ann atá cumhachtach a dhóthain do shaol freisin a chasadh ar mhalairt treo dod’ thairbhe. Tá sé faighte amach ag Pádraig agus ag iliomad Críostaithe eile go bhfuil sé sin fíor. Cruthaíonn céasadh agus aiséirí Chríost freisin go bhfuil Dia cumhachtach.

· **Is féidir aithne a chur air**—Níl Dia i gcéin uait nó i bhfad os do chionn. Is féidir aithne a chur air. Scríobhann Pádraig, “Sin an fáth nach féidir liom fanacht i mo thost . . . am a thagann athrú ar ár saol agus a thagaimid chun aithne ar Dhia. . .”

Ní go díreach sonraí eolas a bheith againn ar Dhia, ach aithne a bheith againn air; rud sa bhreis ar chreidiúint a thabhairt dó—bheith in ann a rá le Pádraig, “an Tiarna mo Dhia.”

Tá Dia maith agus cumhachtach agus is féidir aithne a chur air—is ag an am a thagann na rudaí seo le chéile gur féidir linn teacht ar an bhfíordóchas is ar chabhair.

Chuir Pádraig aithne ar an bhfíor-Dhia atá beo, agus tig leatsa aithne a chur air freisin. Is mar seo a thosaigh sé:

“Pádraig is ainm dom. Is peacach mé, gnáth-thuathánach, an duine is lú i measc creidmheach.  
D’aithin mé na lochtanna a bhí orm. Mar sin d’iompáigh mé le hiomlán mo chroí ar an Tiarna mo Dhia.”